Parlaimint na hEorpa
2019-2024

Suí iomlánach

A9-0164/2020

25.9.2020

***I
TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh san Úcráin ar bharra táirgthe síolta agus ar choibhéis síolta gránach arna dtáirgeadh san Úcráin
(COM(2020)0137 – C9-0100/2020 – 2020/0053(COD))

An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

Rapóirtéir: Veronika Vrecionová

Siombailí don nós imeachta

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 6

TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE FREAGRACH.....8

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh san Úcráin ar bharra táirgthe síolta agus ar choibhéis síolta gránach arna dtáirgeadh san Úcráin
(COM(2020)0137 – C9-0100/2020 – 2020/0053(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2020)0137),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0100/2020),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (A9-0164/2020),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh, lena nglacann sí ceannas ar an togra ón gCoimisiún;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Molann an Rapóirtéir go nglacfaí an togra seo gan leasuithe mar gheall ar nádúr teicniúil an chomhaid seo. Tá sé mar aidhm leis an togra seo nuashonrú a dhéanamh ar Chinneadh 2003/17/CE ón gComhairle lena ndeonaítear coibhéis do thíortha áirithe nach Ballstáit den Aontas iad a mhéid a bhaineann le cigireachtaí allamuigh agus táirgeadh síl speiceas áirithe a dhéantar le Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE agus 2002/57/CE. Is é Airteagal 43(2) CFAE an bunús dlí.

Go dtí seo, níl an Úcráin ar liosta na dtíortha a bhaineann tairbhe as an gcoibhéis sin; dá bhrí sin, ní féidir síolta gránach arna saothrú sa tír sin a allmhairiú chuig an Aontas Eorpach faoi láthair. Thíolaic an Úcráin iarraidh don Choimisiún go gcumhdófaí a síol gránach le Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle mar shíol gránach coibhéiseach.

Mar thoradh ar an iarraidh sin, scrúdaigh an Coimisiún reachtaíocht is infheidhme na hÚcráine agus rinne sé iniúchadh ar na cigireachtaí allamuigh agus ar an gcóras deimhniúcháin síolta atá i bhfeidhm le haghaidh síol gránach san Úcráin. Torthaí dearfacha ba ea torthaí foriomlána an scrúdaithe sin. Tá na ceanglais agus an córas atá i bhfeidhm coibhéiseach le ceanglais agus córas an Aontais agus is mar a chéile leis an gcinnteacht a ghabhann le córas an Aontais an chinnteacht a ghabhann leis na ceanglais agus an córas atá i bhfeidhm.

Tá an togra seo i gcomhréir le haidhmeanna an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas agus an Úcráin toisc go gcuirfidh sé borradh faoin trádáil sa síol a chomhlíonann rialacha an Aontais.

Mar a mhínítear sa togra ón gCoimisiún, comhlíontar na coinníollacha uile chun coibhéis a thabhairt don Úcráin.

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

Teideal	Coibhéis cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh san Úcráin ar bharra táirgthe síolta agus ar choibhéis síolta gránach arna dtáirgeadh san Úcráin
Tagairtí	COM(2020)0137 – C9-0100/2020 – 2020/0053(COD)
Dáta tíolactha don Pharlaimint	7.4.2020
Coiste freagrach Dáta a fógartha sa suí iomlánach	AGRI 16.4.2020
Coistí ar iarradh tuairim uathu Dáta a fógartha sa suí iomlánach	INTA 16.4.2020
Gan tuairim a thabhairt Dáta an chinnidh	INTA 15.4.2020
Rapóirtéirí Dáta an cheapacháin	Veronika Vrecionová 4.5.2020
Rapóirtéirí roimhe seo	Norbert Lins
Pléite sa choiste	20.5.2020
Dáta a ghlactha	22.9.2020
Dáta na vótála críochnaithí	+: 31 –: 12 0: 5
Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Atidzhe Alieva-Veli, Álvaro Amaro, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Benoît Biteau, Mara Bizzotto, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Asger Christensen, Angelo Ciocca, Ivan David, Paolo De Castro, Jérémy Decerle, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Luke Ming Flanagan, Cristian Ghinea, Dino Giarrusso, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Krzysztof Jurgiel, Jarosław Kalinowski, Elsi Katainen, Gilles Lebreton, Norbert Lins, Chris MacManus, Marlene Mortler, Ulrike Müller, Maria Noichl, Juozas Olekas, Pina Picierno, Maxette Pirbakas, Eugenia Rodríguez Palop, Bronis Ropė, Bert-Jan Ruissen, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Veronika Vrecionová, Juan Ignacio Zoido Álvarez
Na comhaltaí ionaid a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach	Claude Gruffat, Michaela Šojdrová, Marc Tarabella

TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE FREAGRACH

31	+
ECR	Mazaly Aguilar, Krzysztof Jurgiel, Bert-Jan Ruissen, Veronika Vrecionová
PPE	Álvaro Amaro, Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Marlene Mortler, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Michaela Šojdrová, Juan Ignacio Zoido Álvarez
S&D	Clara Aguilera, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Isabel Carvalhais, Paolo De Castro, Maria Noichl, Juozas Olekas, Pina Picierno, Marc Tarabella
Verts/ALE	Benoît Biteau, Claude Gruffat, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Bronis Ropė

12	-
GUE/NGL	Luke Ming Flanagan, Chris MacManus, Eugenia Rodríguez Palop
ID	Mara Bizzotto, Angelo Ciocca, Ivan David, Gilles Lebreton, Maxette Pirbakas
NI	Dino Giarrusso
PPE	Anne Sander
RENEW	Jérémy Decerle, Cristian Ghinea

5	0
RENEW	Atidzhe Alieva-Veli, Asger Christensen, Martin Hlaváček, Elsi Katainen, Ulrike Müller

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh